# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht Fheidhmeach 2013

# Scéim Mharcála

# Gaeilge Chumarsáideach

# Comónta

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2013

# Gaeilge Chumarsáideach

(180 marc)

**Don Fheitheoir**

| **Stampa an Ionaid** |
|---|
| |

**Don Scrúdaitheoir**

| Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. → | |
|---|---|
| **Nóta:** Caithfidh an marc thuas a bheith mar an gcéanna leis an marc **IOMLÁN** sa ghreille thíos. | |

## *Treoracha Ginearálta*

**1.** Scríobh do **scrúduimhir** sa spás seo: →

**2.** Scríobh na freagraí sa fhreagarleabhar seo.

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo.
Caithfear gach ceist a fhreagairt.

**Roinn 1** **Cluastuiscint (75 marc)**
**Roinn 2** **Léamhthuiscint (30 marc)**
**Roinn 3** **Scríobh na Teanga (30 marc)**
**Roinn 4** **Taighde (45 marc)**

**Don Scrúdaitheoir**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| **1** | 30 |
| **2** | 13 |
| **3** | 32 |
| **4** | 15 |
| **5** | 15 |
| **6** | 15 |
| **7** | 15 |
| **Taighde** | 45 |
| **IOMLÁN** | 180 |



**THALL →**

**30 marc**

# Roinn 1 – **Cluastuiscint** [75 marc]

Éist go cúramach leis an taifeadadh. Cloisfidh tú an chaint **faoi dhó**.

## CEIST 1

Éist leis an taifeadadh agus cuir **A**, **B**, **C** nó **D** sa bhosca cuí.

### Píosa a hAon







**A** **B** **C** **D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo [ **C** ] = **[10 Marc]**

### Píosa a Dó









**A** **B** **C** **D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? [ **A** ] **= [10 Marc]**

### Píosa a Trí



**A** **B** **C** **D**

Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? [ **D** ] **= [10 Marc]**

**Don scrúdaitheoir**
Iomlán reatha → | 30

**13 mharc**

# CEIST 2

Éist leis an taifeadadh agus líon an fhoirm seo **i nGaeilge**.

## CLUB ÓIGE NA COIRIBE

## FOIRM IARRATAIS

**SLOINNE**:

| | | |
|---|---|---|
| Ní Riada | | |
| Ní Bhriain | **Ní Bhriain** | = **[1 mharc]** |
| Ní Riain | | |

**AINM**: ***Bríd Ní Bhriain*** = **[1 mharc]**

**AOIS**:

| | | |
|---|---|---|
| 16 | | |
| 15 | **X** | = **1[mharc]** |
| 17 | | |

**SEOLADH**: ***7 Sráid Na Siopaí,*** = **[2 mharc]**
***Corcaigh***. = **[2 mharc]**

**UIMHIR THEILEAFÓIN**:

| | | |
|---|---|---|
| 086 242860 | | |
| 087 242815 | | |
| 087 324625 | **X** | = **[2 mharc]** |

**DO ROGHA SPÓRT**:

| | | |
|---|---|---|
| Snámh | | |
| Peil | | |
| Cispheil | **X** | = **[2 mharc]** |
| Lúthchleasaíocht | | |
| Rothaíocht | **X** | = **[2 mharc]** |



**Don scrúdaitheoir**
Iomlán reatha → | + | = | 30

32 marc

# CEIST 3



Éist leis na comhráite seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** *nó* as **Béarla**.

## Comhrá a hAon

**1.** Cá ndeachaigh Úna oíche Dé Sathairn?

| | |
|---|---|
| Chuig Dioscó | |
| Chuig Scannán | |
| Chuig Cóisir | X |

**= [2 mharc]**

**2.** Cén aois a bhí a cara Bríd?

***Bhí a cara Bríd (16)(sé bliana déag) d'aois.* = [2 mharc]**

**3.** Cad a bhí ar siúl ag Úna an oíche ar fad?

***Bhí Úna (ag rince) an oíche ar fad.* = [2 mharc]**

**4.** Conas a tháinig Úna abhaile?

***Tháinig Úna abhaile (ar an mbus).* = [2 mharc]**



## Comhrá a Dó

**1.** Cad a tharla tráthnóna inné?

***Tharla (timpiste) uafásach*. = [2 mharc]**

**2.** Céard a bhí ar siúl ag an mbuachaill óg?

***Bhí sé (ag imirt peile)*. = [2 mharc]**

**3.** Cad a bhris an buachaill?

***Bhris an buachaill (a lámh).* = 2 [mharc]**

**4.** Conas a chuaigh an buachaill go dtí an t-ospidéal?

***Chuaigh sé go dtí an ospidéal (san otharcharr).* = [2 mharc]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | 30 + 32 | = | 62 |

## Comhrá a Trí



**1.** Cá raibh Liam ar saoire?

| | |
|---|---|
| San Iodáil | **X** |
| Sa Tuirc | |
| Sa Phortaingéil | |

= **[2 mharc]**

**2.** Conas a bhí an aimsir?

***Bhí an aimsir (an-te/go deas).*** = **[2 mharc]**

**3.** Cá raibh siad ag fanacht?

***Bhí siad ag fanacht (in óstán). = [2 mharc]***

**4.** What facilities were in the complex?

(a) ***Bhí (linn snámha/swimming pool) ann.***

(b) ***Bhí (cúirt leadóige/tennis court) ann.*** **= [2 mharc]**



## Comhrá a Ceathair

**1.** Cá raibh an cluiche ar siúl?

***Bhí an cluiche ar siúl (i bPáirc an Chrócaigh).*** **=[2 mharc]**

**2.** Cén t-am a thosaigh an cluiche?

***Thosaigh an cluiche (ar a ceathair a chlog).*** **= [2 mharc]**

**3.** Cé a bhí ag imirt?

***Baile Átha Cliath agus Gaillimh*** **=[2 mharc]**

**4.** Cé mhéad a chosain an ticéad?

***Chosain an ticéad (fiche euro/€20) an ceann.*** **= [2 mharc]**

THALL ⟶

15 mharc

# Roinn 2 – **Léamhthuiscint**

## CEIST 4

Léigh an píosa seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** *nó* as **Béarla**.

## RORY McILROY

Rugadh Rory McIlroy in Ard Mhic Nasca i gCo an Dúin ar an 4ú lá de Bhealtaine 1989. Thosaigh sé ag imirt gailf nuair a bhí sé an-óg. Thug a thuismitheoirí Rory timpeall na tíre chuig na comórtais éagsúla.

Nuair a bhí Rory sé bliana déag d'aois, d'fhág sé an scoil. Bhuaigh sé a lán comórtas in Éirinn nuair a bhí sé ina bhuachaill óg.

Thosaigh Rory ag imirt gailf go gairmiúil sa bhliain 2007. Bhuaigh sé a chéad chomórtas gairmiúil san Eoraip in 2009. Bhí sé ar foireann na hEorpa a bhuaigh Corn Ryder in 2010 agus arís in 2012.

Tá clú agus cáil ar Rory anois mar bhuaigh sé comórtas oscailte na Stát Aontaithe sa bhliain 2011. Tagann sé abhaile go Co. an Dúin nuair a bhíonn am saor aige agus is maith leis cluiche gailf a imirt lena chairde in Ard Mhic Nasca.



### Ceisteanna

**1.** Cár rugadh Rory McIlroy?

***Rugadh é (in Ard Mhic Nasca/i gCo an Dúin).* = [3 mharc]**

**2.** Cén aois a bhí sé nuair a d'fhág sé an scoil?

***Bhí sé (sé bliana déag d'aois/16 bliana).* = [4 mharc]**

**3.** Cad a rinne Rory sa bhliain 2007?

*Thosaigh Rory (ag imirt gailf go gairmiúil) sa bhliain 2007.* = [4 mharc]

**4.** Cén fáth a bhfuil clú agus cáil ar Rory anois?

***(Bhuaigh sé comórtas oscailte na Stát Aontaithe) sa bhliain 2011.* = [4 mharc]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | 75 + 15 | = | 90 |

**15 mharc**

# CEIST 5

Léigh an litir seo agus freagair na ceisteanna as **Gaeilge** nó as **Béarla.**

*Bóthar na Trá,*
*Dún Dealgan.*
*12 Bealtaine 2013*

*An Bainisteoir,*
*Ollmhargadh ALDI ,*
*An Chearnóg,*
*Dún Dealgan.*

*A chara,*

*Tá mé sé bliana déag d'aois. Tá mé ag freastal ar Choláiste Bhríde, Dún Dealgan. Déanfaidh mé an Ardteistiméireacht Fheidhmeach in 2013. Ba mhaith liom post samhraidh a fháil i d'ollmhargadh. Chuala mé an fógra ar an raidió áitiúil.*

*Seol chugam foirm iarratais don phost, le do thoil.*

*Is mise, le meas,*

*Séamas Ó Néill*

## Ceisteanna

**1.** Cén seoladh atá ag Séamas Ó Néill?

***Bóthar na Trá, Dún Dealgan.* = [4 mharc]**

**2.** Cathain a scríobh Séamas an litir?

***12 Bealtaine 2013.* = [4 mharc]**

**3.** Cén scrúdú a dhéanfaidh Séamas in 2013?

***An Ardteistiméireacht Fheidhmeach.* = [4 mharc]**

**4.** Cár chuala Séamas an fógra?

***Ar an radió áitiúil.* = [3 mharc]**

| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha | 90 + 15 | = | 105 |
|---|---|---|---|

**THALL →**

15 mharc

# Roinn 3 – **Scríobh na Teanga**

Le freagairt **i nGaeilge amháin**.
This section **must** be answered in **Irish**.

## CEIST 6

Bhí tú ag **cóisir** *nó* ag **ceolchoirm.**
Scríobh cuntas **i nGaeilge** faoin gcóisir *nó* faoin gceolchoirm.

Write in **Irish** about a **party** *or* a **concert** that you attended.
Scríobh rud éigin faoi na pointí seo i do chuntas:

- An lá agus an t-am
- An áit
- Na daoine a bhí ann
- Rud éigin a tharla.

**Ábhar = 4 phointe = 2 mharc x 4 = 8 marc**
**Gaeilge = 7 marc**

**Ábhar = 8**
**Gaeilge = 7**
**Iomlán = 15**

| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | 105 + 15 | = | 120 |
|---|---|---|---|

**15 mharc**

# CEIST 7

Tá tú ar saoire sa Phortaingéil.

Scríobh cárta poist **i nGaeilge** chuig cara leat ag insint dó/di faoin tsaoire.

Scríobh rud éigin faoi na pointí seo:



- An áit
- An aimsir
- An bia
- Cé atá in éineacht leat
- Cathain a bheidh tú ar ais sa bhaile.

| | |
|---|---|
| **Ábhar = 6 mharc**<br>3 Phointe Eolais = 6 mharc (2 mharc x 3 phointe)<br>**Gaeilge = 7 marc** | **Foirmlí:**<br><br>**Ainm agus Sloinne i nGaeilge = 1 marc**<br>**Dhá líne sa seoladh = 1 marc** |

**Foirmle = 2**
**Ábhar = 6**
**<u>Gaeilge = 7</u>**
**Iomlán = 15**



| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | 120 + 15 | = | 135 |



**THALL →**

**45 marc**

# Roinn 4 – **Taighde**

**This section may be answered in Irish *or* in English.**

**1.** Name a topic you researched as part of **Gaeilge Chumarsáideach**.

**[0 - 2 - 4]**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(4 mharc)

**2.** **Where** did you get your information?

***(a)*** ____________________________________________________________
**[3 - 2 - 0]**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

***(b)*** ____________________________________________________________
**[3 - 2 - 0]**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

***(c)*** ____________________________________________________________
**[3 - 2 - 0]**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(9 marc)






| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha → | + | = | |

**3.** What did you learn **about the topic you researched?**

***(a)*** ______________________________
**[8 - 4 - 0]**

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

***(b)*** ______________________________
**[8 - 4 - 0]**

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

***(c)*** ______________________________
**[8 - 4 - 0]**

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

***(d)*** ______________________________
**[8 - 4 - 0]**

______________________________

______________________________

______________________________(32 marc)



## CEIST 1.

**Píosa a hAon.**

Chuaigh Seán agus Máire go bialann deas. D’ith siad stéig agus sceallóga. D’ól siad coke agus sú oráiste. Thaitin an béile go mór leo.

**Píosa a Dó.**

Beidh ceolchoirm mhór ar siúl san RDS. i mí Lúnasa. Beidh a lán bannaí ceoil ag seinm ann. Cosnóidh na ticéid céad euro an ceann.

**Píosa a Trí.**

Chuaigh Tomás agus Róisín ag rothaíocht faoin tuath Dé Sathairn seo caite . Bhí an an ghriann ag taitneamh. Is breá leo bheith ag rothaíocht.

## CEIST 2.

Bríd Ní Bhriain is ainm dom. Tá mé cúig bhliana déag d’aois. Tá mé i mo chónaí in uimhir a seacht, Sráid na Siopaí, Corcaigh. Is í an uimhir theileafóin atá agam ná 087-324 625.
Is maith liom cispheil agus rothaíocht.

## CEIST 3.

**COMHRÁ 1**

**Pádraig:** Cad a rinne tú ag an deireadh seachtaine, a Úna ?

**Úna:** Chuaigh mé chuig cóisir oíche Dé Sathairn.

**Pádraig:** An-deas. Cá raibh an chóisir ar siúl, a Úna ?

**Úna:** Bhí sí ar siúl in óstán. Bhí mo chara Bríd sé bliana déag d’aois.

**Pádraig:** Cén t-am a thosaigh an chóisir ?

**Úna:** Thosaigh sí ar naoi a chlog.

**Pádraig:** An raibh an chóisir go maith?

**Úna:** Bhí sí go hiontach. Bhí mé ag rince an oíche ar fad.

**Pádraig:** Conas a tháinig tú abhaile ?

**Úna:** Ar an mbus.

## COMHRÁ 2.

**Pól:** A Áine, ar chuala tú faoi an timpiste a tharla inné?

**Áine:** Níor chuala. Cad a tharla, a Phóil?

**Pól:** Bhuail carr buachaill óg a bhí ag imirt peile ar an mbóthar.

**Áine:** An bhfuil an buachaill óg gortaithe?

**Pól:** Tá a lámh briste.

**Áine:** An raibh tiománaí gortaithe ?

**Pól:** Ní raibh.

**Áine:** Ar tháinig na Gardaí go dtí an timpist?

**Pól:** Tháinig na Gardaí agus an t-otharcharr. Thóg an t-otharcharr an buachaill go dtí an t-ospidéal.

**Áine:** Tá súil agam go mbeidh sé ceart go leor.

## COMHRÁ 3.

**Lisa:** Dia duit, a Liam. Tá dath na gréine ort. An raibh tú ar saoire?

**Liam:** Bhí. Bhí mé féin agus mo mhuintir san Iodáil.

**Lisa:** Cá fhad a chaith sibh san Iodáil, a Liam?

**Liam:** Bhíomar san Iodáil ar feadh seachtaine.

**Lisa:** Conas a bhí an aimsir ?

**Liam:** Bhí an aimsir go an-te.

**Lisa:** Cá raibh sibh ag fanacht ?

**Liam:** Bhíomar ag fanacht in óstán mór.

**Lisa:** Cad iad na háiseanna a bhí san óstán ?

**Liam:** Bhí linn snámha agus cúirt leadóige ann.

**COMHRÁ 4**

**Séamas:** Cad a rinne tú Dé Domhnaigh seo caite, a Pheadair ?

**Peadar:** Chuaigh mé go cluiche peile, a Shéamais.

**Séamas:** Cá raibh an cluiche ar siúl, a Pheadair ?

**Peadar:** Bhí sé ar siúl i bPáirc an Chrócaigh.

**Séamas:** Cén t-am a thosaigh an cluiche ?

**Peadar:** Thosaigh an cluiche ar a ceathair a chlog.

**Séamas:** Cé a bhí ag imirt sa chluiche, a Sheamais?

**Peadar:** Bhí Baile Átha Cliath agus Gaillimh ag imirt.

**Séamas:** Cé mhéad a chosain an ticéad ?

**Peadar:** Chosain an ticéad fiche euro an ceann.

## Oiriúntais Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltéiní in aice lena gcuid scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:
1) Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.
2) Iarrthóirí a d'úsáid: scríobhaí, téipthaifeadán, próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le litriú agus cruinneas gramadaí sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu. m.s. Roinn III Ceapadóireacht: C.6, agus C.7. Ní chuirtear aon phionós ar 'drochlitriú' ná 'ar easpa cruinneas gramadaí' i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Chluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.
I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 6 agus 7 agus tugtar luacháil chéimithe don iarrthóir ansin. Féach thíos.
Luacháil chéimithe don iarrthóir a bhfuil Oiriúntas Réasúnta faofa dó:

Ceist 6
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 1>2 – cruinneas + 0 mharc
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 3>5 – cruinneas + 1 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 6>7 – cruinneas = 7 marc.

Ceist 7
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 1>2 – cruinneas + 0 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 3>5 – cruinneas + 1 mharc.
Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna 6>7 – cruinneas = 7 marc.

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an bfreagarleabhar, taobh istigh agus ar an gclúdach, taobh amuigh.
m.s. G (OR) = 1